



B

# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 4 EAGRÁN 1

EANÁIR- FEABHRA 2017

## TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Ernest Walton	2
Tír dhúchais—Tá do mháthair ag gaoch	3
Scéal grinn	3
André Rieu - Maastricht 2016	4
Turas go dtí an tSeapáin	5
Jó Kelly	6
An Rí Séamas I Sasana	7
Gaeilge ar Skype	8
Suíomh Idirlín na MC agus ATóT	8
Ceolta Tí Bhuichid	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
PopUp Gaeltacht	11
Muhammad Ali	12

## BÍ NÍOS GAELAÍ I mBLIANA!

Seo bliain a sé de Deich mBliana na gCuimhneachán agus tá an Ghaeilge sa dara háit nó in easnamh in a lán comórtha, mar is gnáth. Agus seo á scríobh agam i leabharlann Ráth Eanaigh tá taispeántas faoin teideal “*An Somme á chomóradh - an dearcadh ag athrú*”. Níl ach teidil na gclár dátheangach. Tá an téacs go léir i mBéarla amháin. Is dócha go bhfuil an taispeántas seo maoinithe ag na cáiniócóirí, Gaeilgeoirí ina measc. Níor athraigh mé mo mheoin faoin Somme. Ní thuigim cén fáth go bhfuilimid ag comóradh Éireannach in Arm na Breataine a bhí ag marú na mílte Gearmánach! Níor athraigh mé mo mheoin faoin mbunaíocht (**establishment**) fhrith-Ghaelach atá i gceannas na tíre seo ach chomh beag.

Caithfidimid leanúint ar aghaidh. An bhfuil tusa, a léitheoir, ag iarraidh níos mó a dhéanamh ar son na teanga? An bhfuil rud eagraithe agat do choicís na Gaeilge i mí Márta? Tá Conradh na Gaeilge ag eagrú Bhliain na Gaeilge do 2018. Mar sin tá am agat rud éigin a eagrú chun taispeánt nach bhfuil na Gaeil díbrithe fós ón tír seo. Déan iarracht freastal ar ócáid Ghaelach (maidin chaife, ciorcal comhrá, léacht, an TobGhaeltacht...) nó dhó sa bhreis i rith na bliana. Téigh go dtí an Ghaeltacht an samhradh seo. Déan teagmháil le do Ghaelscoil nó le do Ghaelcholaiste áitiúil. Má tá aclaíocht ag teastáil uait cad faoi Shiúlóirí na hAoine a bhuaileann le chéile gach Aoine i gCearnóg Theach an Tionóil (**Meeting House Square**), Barra an Teampaill ag 11 am? Bíonn siúlóid éasca, caint agus comhrá, stair agus seanchas agus deis ann cuairt a thabhairt ar dánlanna, iarsmalanna agus tithe stairiúla. Is daoine dathúla óga léannta ealaíonta iad na siúlóirí (féach thíos!). Tar ag siúl linn maidin amháin. Beidh fáilte Uí Cheallaigh romhat!



**Siúlóirí na hAoine, Dún Richmond, 25 Samhain 2016**

## CEACHT BEAG GAEILGE: AN RÉIMÍR (PREFIX) “-AN”




Nuair a cuireann tú an réimír “an-” roimh aidiacht tá an ciall “very” leis. Séimhítear an consan tar éis “an-” ACH AMHÁIN d, s agus t. Bíonn fleiscín (hyphen) i gcoánaí tar éis “an-”, mar shampla:

an-álainn - **very beautiful**; an-bheag - **very small**; an-chúng - **very narrow**;  
 an-dian - **very hard**; an-éasca - **very easy**; an-fhairsing - **very wide**;  
 an-ghlan - **very clean**; an-íseal - **very low**; an-láidir - **very strong**;  
 an-mhór - **very big**; an-saibhir - **very rich**; an-trom - **very heavy**;

### ERNEST WALTON

*Pádraig Mac Éil*

Tá eolas ag a lán daoine sa tír seo faoi na hÉireannaigh a bhuaigh Duais Nobel. Bhuaigh Yeats (1923), Shaw (1925), Beckett (1969) agus Heaney (1995) an Duais sa Litríocht. Bhuaigh MacBride (1974), Corrigan/Williams (1976) agus Hume/Trimble (1998) Duais na Síochána. Níor bhuaigh ach beirt Éireannach Duais Nobel don Eolaíocht, Ernest Walton (1951) agus William C Campbell (2016).



Rugadh Ernest Thomas Sinton Walton i 1903 in **Epworth Cottage** i nDún na Mainistreach, Dún Garbhán, Co Phort Láirge. Ba mhinistir Modhach a athair a bhog ó áit go háit go minic agus mar sin chaith Ernest tamaill i gcontaetha eile - Luimneach, Muineachán, An Dún, Tír Eoghan agus Áth Cliath ina measc. Bhuaigh sé scoláireacht do Choláiste na Tríonóide, Áth Chliath agus bhain sé a bhunchéim amach ansin i 1926 agus a mháistreacht i 1927. Ansin chuaigh Ernest anonn go Cambridge i Sasana chun obair i saotharlann Cavendish faoi stiúir Ernest Rutherford agus bronnadh an PhD air i 1931.




D'oibrigh sé le John Cockcroft agus thóg siad gléas, an chéad luasaire (**accelerator**), “as crosbharraí rothar, marla, stáin (**tins**) brioscaí, cliathbhoscaí (**crates**) siúcra agus mangarae (**junk**) eile”. Is féidir an gléas a fheiceáil anois sa **London Science Museum**. Luasghéaraigh (**accelerated**) an meaisín prótóin agus imbhualladh iad faoi (**collided with**) núicléis litiam chun dhá núicléas héiliam a chruthú ó gach ceann litiam. Dheimhnigh (**validated**) an turgnamh (**experiment**) cuid de Theoiric na Coibhneasachta (**relativity theory**) agus den mheicnic chandamach (**quantum mechanics**). Bronnadh an Duais Nobel ar an mbeirt fisiceoir i 1951 “ar son a gceannródaíocht (**pioneering work**) chun an núicléas adamhach a chlaohlú (**transmutate**) le cáithníní adamhacha (**atomic particles**) luathaithe go saorga (**artificially accelerated**) agus chun sainré (**epoch**) lán-nua san fhisic núicléach a thosú”.

D'fhill Walton ar Choláiste na Tríonóide, Áth Chliath, i 1934 agus bhí sé ann go dtí 1974. Mhúin sé an Fhisic dom i mo chéad bhliain sa choláiste agus ba nós leis turgnaimh bheaga a dhéanamh os ár gcomhair le linn a léachta, chun rudaí a shoiléiriú dúinn. Tá súil agam gur thaitin an léachtóireacht leis mar níl rud níos measa ná bheith ag múineadh mhic léinn na chéad bliana mura bhfuil spéis agat san obair. Faraor, ní raibh mé chomh cóngarach do Dhuais Nobel ó shin! Bhog An tOllamh Walton go dtí teach a iníne i mBéal Feirste tar éis bhás a mhná céile i 1983 agus d'éag sé ansin an 25 Meitheamh 1995 agus é 91 bhliain d'aois. Tá sé curtha i Reilig Ghráinseach an Déin, Áth Cliath. Ainmníodh “*Páirc chabhsa Walton*” i nDún Garbhán ina onóir i 1989.

## TÍR DHÚCHAIS - TA DO MHÁTHAIR AG GLAOCH

Pádraig Mac

Bhí sí ar an dealbh ba mhó ar Domhan nuair a tiomnaíodh í (**dedicated**) i 1967. Is í brí a h-ainm Rúisigh ná “*Tír Dhhúchais - tá do mháthair ag gaoch*”. Tá sí suite i Volgograd sa Rúis agus tógadh í gcuimhne Léigear Stalingrad. Bhí trí ainm ar an gcathair ina bhfuil sí, Tsaritsyn, Stalingrad agus Volgograd! Bhain an phríomhdhealbhóir, Yevgeny Vuchetich feidhm as bean ón gceantar, Valentina Izotova, mar chuspa (**model**) don dealbh. Seasann sí ar chnocán agus tá 200 chéim chuici i gcuimhne an 200 lá a lean Léigear Stalingrad sa Dara Cogadh Domhanda. Tá an dealbh 85 m (273 tr) ó bharr a claímh go barr an phlionsa (**plinth**). Tá an fhíor (**figure**) féin 52 m (171 tr) ar airde agus an claíomh 33 m (108 tr) ar fad. Fadhb chasta innealtóireachta a bhí i dtógáil na deilbhe agus ba é Nikolai Nikitin an t-innealtóir a bhí i gceannas ar an obair. Bhí scéal ag dul thart i 2009 go raibh sí chun titim ach rinneadh déisiú uirthi. Ní raibh mórán measa ag cuid de na criticeoirí ealaíona uirthi. Dúirt duine amháin acu “*nach comóradh do mharbh an chogaidh a bhí inti ach comóradh don leachtmhaireacht (**monumentalism**) féin*”!



## SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí sladmhargáí na hAthbhliana faoi lánseol. Chuaigh lánúin pósta go lár na cathrach go luath ar thóir sladmhargáí. Tharraing siad a gcos ó shiopa go siopa i rith na maidine. Bhí na sráideanna dubh le daoine agus ag éirí níos plódaithe de réir a chéile. Go tobann ní raibh an bhean in ann a fear céile a fheiceáil. Chuardaigh sí gach áit tamall millteanach fada ach ní raibh tásc ná tuairisc ar a céile. Sa deireadh thóg sí a fón póca as a mála agus chuir sí gaoch air agus í ar buile dhearg.

“*Cá bhfuil tú?*”, a d’éiligh sí go colgach de nuair a d’fhreagair sé an gaoch.

“*An cuimhin leat an siopa beag seodra ina bhfaca tú an mhuince phéarlaí a thaitin chomh mór sin leat roimh Nollaig? Dúirt mé leat ag an am nach raibh an t-airgead agam chun í a cheannach duit ach go mbeadh an mhuince agat lá éigin*” a d’fhiafraigh a fhear chéile”.

“*Cinnte*”, arsa a bhean go creathánach agus sceitimíní ag teacht uirthi, “*cuimhním go maith í, a stór*”.

“*Go maith*”, arsa an fear, “*tá mé sa teach tábhairne in aice an tsiopa sin. Ar mhaith leat teacht anseo agus ceannóidh mé deoch duit roimh dhul abhaile?*”.



### Foclóirín

sladmhargáí na hAthbhliana - **New Year sales**; faoi lánseol - **in full swing**; lanúin - **couple**;  
 lár na cathrach - **city centre**; ar thóir sladmhargáí - **hunting bargains**;  
 tharraing siad a gcos - **they trudged**; i rith - **during**; dubh le daoine - **crowded**;  
 ag éirí - **getting**; níos plódaithe - **more packed**; de réir a chéile - **bit by bit**;  
 go tobann - **suddenly**; in ann - **able**; fear céile - **husband**; a fheiceáil - **to see**;  
 chuardaigh sí - **she searched**; tamall millteanach fada - **a frustratingly long time**;  
 tásc ná tuairisc - **sign**; sa deireadh - **finally**; fón póca - **mobile phone**; gaoch - **call**;  
 ar buile dhearg - **raging mad**; cá bhfuil tú? - **where are you?**; d’éiligh sí - **she demanded**;  
 go colgach - **angrily**; an gcuimhin leat? - **do you remember?**; seodra - **jewelry**;  
 muince - **necklace**; a thaitin leat - **you liked**; chomh mór - **so much**; cinnte - **definitely**;  
 go creathánach - **tremulously**; sceitimíní - **excitement**; stór - **darling**;  
 teach tábhairne - **public house**; ar mhaith leat? - **would you like?**; ceannóidh mé - **I will buy**;  
 deoch - **drink**; roimh - **before**; dul abhaile - **going home**;

## ANDRÉ RIEU - MAASTRICHT 2016

Ben Mac Lochlainn

Chuir mise aithne ar André Rieu den chéad uair ceithre bliana ó shin nuair a d'aistrigh mé go dtí córas teilifíse SKY. Is veidhleadóir (**violinist**) Ísiltíreach é Rieu agus tá ceolfhoireann dá chuid féin aige ó 1987 ar a dtugtar *The Johann Strauss Orchestra*. Ach is ceolfhoireann as an ngnáth í seo, rud atá léirithe ó na sluaite a bhaineann sult agus taitneamh as a chuid ceoil. Bíonn an ceolfhoireann ag taistil ar fud an domhain ar feadh na mblianta agus iad ag seinm ar na Mór-ranna uile. Tagann sé ar ais go dtí Maastricht na hÍsiltíre, an áit inar rugadh é, gach mí Iúil agus bíonn sraith ceolchoirmeacha ann ar phríomhchearnóg na cathrach – an Vrijthof. Bhí sé d'ádh ar mo bhean chéile Phyllis agus ormsa bheith ann anuraidh (Maastricht XII - 2016) agus ní raibh díomá orainn.



Bíonn an-aerbhrat (**great atmosphere**) sa chathair i rith chuairt André Rieu ó thaobh phlódú na sráideanna, na proinntithe (**restaurants**), siopaí, margaí sráide agus eile de, díreach cosúil le New Orleans ag am *Mardi Gras*. Agus nuair a chríochnaíonn an cheolchoirm thart ag 11.30 san oíche bíonn a thuilleadh spraoi i ndán do dhaoine nuair a fhillteann siad ar a n-óstáin. Bhí a lán

Éireannach, agus bratacha Éireannacha ag cuid mhaith acu, i measc an 10,000 duine sa chearnóg. Rud greannmhar – nuair a chonaic André roinnt Sasanach sna suíocháin lena mbratacha Sasanacha, chuir sé fáilte rompu leis na bhfocail “*where are you from – England, ah, welcome to Europe!*”. Crith na bratacha eile ar míre – na cinn Éireannacha ina measc! Bhí tagairt á dhéanamh aige ar ndóigh do ‘Bréalú’ (**Brexit**) agus cinneadh an Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Bí ag breathnú ar an gceolchoirm sin ar *Sky Arts* nó *Youtube* – Maastricht 2016 ([www.youtube.com/watch?v=a-YY5UM2i4s&t=5864s](http://www.youtube.com/watch?v=a-YY5UM2i4s&t=5864s)).

Ach cad is cúis le clú André Rieu agus leis an ráchairt atá ar Cheolfhoireann Johann Strauss? Tá sé beagnach dodhéanta (**impossible**) ticéad a fháil do cheolchoirm dá chuid. Dar liomsa tá cúpla cúis i gceist.

- (1) Tá meascán ceoil ann, idir cheol clasaiceach agus cheol na seónna a bhíonn ar eolas againn go léir,
- (2) Bíonn cultacha deasa agus gúnaí deasa geala á gcaitheamh ag baill na ceolfhoirne idir fhir agus mhná,
- (3) Bíonn aoi-amhránaithe den scoth (**The Platin Tenors**) ann agus an triúr spéirbhan Mirusia Louwerse, Carman Monarcha agus Donij van Doorn lena nguth órga. Chomh maith leis sin, bíonn gach éinne sa lucht féachana in ard a spraoi go scléipeach. Tagann André Rieu go Baile Átha Cliath don Point gach Nollaig ach mholfainn daoibh na ticéid a fháil go luath.



The Platin Tenors

Gary Bennett, Bela Mavrak, Eric Reddet



Mirusia Louwerse



Carmen Monarcha



Donij van Doorn

## TURAS GO DTÍ AN tSEAPÁIN

Raymond Taylor

Cúpla mí ó shin bhain mé sult as na trí seachtaine a chaith mé sa tSeapáin. Fanfaidh an eachtra sin i gcónaí liom mar gheall ar na háiteanna iontacha go léir a dtug mé cuairt orthu agus ar chairdiúlacht mhuintir na Seapáine. Tá cultúr agus stair shaibhir ag baint leis an tSeapáin agus is tír í nach bhfuil cosúil le haon tír eile.



Thóg an turas eitleáin ó Bhaile Átha Cliath trí huairé déag agus tháinig mé go hAerfort Kansai, in aice le hOsaka, timpeall a naoi a chlog maidin Dé Sathairn. Tar éis mo bhagáiste agus pas traenach trí seachtaine a bhailiú chuaigh mé ar an traen go Kyoto, áit ar fhan mé chéad seachtain mo laethanta saoire.

Bhí an aimsir i Kyoto te tais mar go raibh sé i lár shéasúr na dtíofún (**Typhoon Season**). Mar a tharla, bhuaíl deireadh tíofúin Kyoto ar mo dhara lá ann agus bhí tuilte ar na sráideanna. B'eachtra faoi leith é sin. Ar an dea-uair bhí go leor aimsire maithe i rith mo chuairte ansin freisin.

Is í tuairim na coitiantachta (**general opinion**) gurb í Kyoto croí cultúrtha na Seapáine. Bhí sí ina príomhchathair na tíre ar feadh breis is míle bliain go dtí 1868, nuair ghlac Tóiceo an cúram sin. Is cathair mhór í agus daonra beagnach 1.5 milliún aici, agus lárionad an-nua-aimseartha. Chuaigh na siopaí ilrannacha (**department stores**) go mór i gcionn orm. Bhí siad ollmhór agus bhí a dtaispeáint mhiondíola (**retail displays**) go hálainn. Tá margaí bia traidisiúnta sa chathair freisin. Is é Nishiki an ceann is cáiliúla, é suite i sráid an-fhada siopadóireachta atá clúdaithe (faoi dhíon) agus ar siúl ar feadh 400 bliain. Tá sé an-éasca taistil timpeall Kyoto de bharr an chórais mheitreo éifeachtaigh agus na mbóithre slachtmhara (**well-maintained**). Tá radhairc fíor-iontach sa dúiche máguaird (**surrounding countryside**), breac le lán teampall agus scrínte, cuid atá ann le 800 bliain. Tá cruth leithleach (**unique**) agus gairdín álainn thar na bearta ar gach uile cheann acu. Is dea-shampla amháin díobh é Teampall Ginkakuji (*An Pailliún Airgid*). Tógadh é i 1482 mar bhailtín (**villa**) don seogan Ashikaga Yoshimasa, sna sléibhte oirthearacha (Higashiyama), ach athchóiríodh (**converted**) é ina theampall Zen tar éis a bháis sa bhliain 1490. Ba rialtóirí míleata na Seapáine idir 1185 agus 1868 iad na seogain agus cé go raibh siad in ainm a bheith faoi smacht an Impire, leis an bhfirinne a rá, ba iad a bhí i gceannas ar feadh cuid is mó an ama.

Ar imeall iartharach Kyoto atá le fáil an dúiche an-áilinn Arashiyama. Is áit í a mbíonn tarraingt mhór uirthi ón Ré Heian (795-1185) nuair théadh na huaisle innti chun sult a bhaint as a suíomh nádúrtha. Tá an Droichead Togetsu-kyo (*Trasnú Ghealái/Moon Crossing*) ag síneadh thar an Abhainn Katsura agus is siombail é d'Arashiyama. Fuair an droichead a ainm mar ar na hoícheanta gan scamall cheapadh an tImpire Kameyama go mbíodh an chuma air go mbíodh an ghealach ag dul trasna an droichid.



Teampall Ginkakuji



Droichead Togetsu, Arashiyama



## JÓ KELLY

*Séamus Ó Loinsigh/ Pádraigín Kelly*

Rugadh agus tógadh Joe Kelly (Jó Ó Ceallaigh) i gCamaigh, an dara páiste de cheathrar. Teaghlach láidir poblachtach den aicme oibre a bhí i dteach Uí Cheallaigh. D'fhreastail Jó ar scoil na mBráithre Críostaí i Sráid Synge go dtí go raibh sé trí bliana déag d'aois, nuair a bhain sé scoláireacht amach chun dul ar aghaidh don

8 Aibreán 1938

7 Nollaig 2016



mheánscoil. Ag an am céanna bhuaigh sé an chéad áit i gcomórtas náisiúnta na Stáitseirbhíse do Ghasúrtimeirí. Cé gur impigh na Bráithre Críostaí i Sráid Synge ar thuismitheoirí Jó cead a thabhairt dó fanacht ar scoil, áit a mbeadh na táillí saor in aisce, bhí cúrsaí clainne níos práinní ag an am agus bhí orthu diúltú don achainí ([request](#)) sin agus chuaigh Jó isteach sa Roinn Poist agus Teileagrafa mar phostaire ([messenger](#)). D'fhan sé ann ar feadh beagnach scór bliain ag obair mar fhear an phoist ar deireadh thiar. Phós sé cailín óna cheantar féin i 1959 agus bhí beirt pháistí acu.

De réir a chéile, mhothaigh sé easpa dúshláin ina chuid oibre sa Roinn P agus T agus shocraigh sé ar dhíriú ar an oideachas arís. Sa chéad áit rinne sé staidéar don scrúdú máithreánach ([matriculation](#)) mar bhí sé sin riachtanach chun freastal ar Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhain sé céim amach i 1968 agus thosaigh sé ag múineadh. Bhí grá mór aige don Ghaeilge agus oide den chéad scoth a bhí ann leis an ábhar sin. Tar éis dó tamall gearr a chaitheamh san earnáil oideachais i mBardas Bhaile Átha Cliath bhog sé ar aghaidh chun obair leis an gCoiste Gairmoideachais ([Vocational Education Committee](#)) in Oideachas Aosach ([Adult Education](#)). Cé go raibh deacrachtaí aige leis an gcóras oideachais, lean sé ag streachailt leis agus, in ainneoin mórán constaicí a bhain leis an gcóras sin, d'éirigh leis coincheapa nua a thabhairt isteach. Chuir sé tús le roinnt mhaith tionscadal nuálach ([innovative](#)), mar shampla KLEAR, Tosach agus an-chuid eile. Ag tús na nóchaidí bronnadh MA sa Léann Ionannais ([Equality Studies](#)) air.

Bhí sé tiomanta go smior i gcúrsaí a bhain le cearta sóisialta agus ionannas agus d'oibrigh sé gan stad gan staonadh i bhfeachtais ar son cearta daonna. I ndiaidh dó dul ar scór lean sé ar aghaidh ag cabhrú le grúpaí imeallacha ([marginalised groups](#)). Chaith sé tamall maith leo siúd, fir agus mná, a bhí ag fulaingt faoi fhoréigean teaghlaigh ([domestic violence](#)).

Bhí mórchuid caitheamh aimsire aige. Fear mór siamsa agus croí na féile a bhí ann, le féith an cheoil go láidir ann. Sheinn sé an pianó, an giotár agus an dordveidhil ([cello](#)). Ní bhfaighfeá duine ar chóisir mar é.

Nach ait an scéal gur éag sé, i ndiaidh tinnis ghearr, 7ú Nollaig, ag deireadh 2016 mar bhí an-spéis aige i gceiliúradh agus i gcomóradh Éirí Amach na Cásca 1916. Mar a tharla, bhí sé ar ais sa teach clainne i gCamaigh ar ócáid chuimhneacháin dá athair agus dá uncail, beirt a ghlac páirt san Éirí Amach.

Tháinig deireadh lena phósadh i 1982 cé go raibh sé teipthe air roinnt blianta roimhe sin. Maireann a pháirtí Flo Gaffney, a mhac Séamus agus a iníon Niamh, a ghariníonacha Ailbhe agus Bláithín, a dheartháireacha Bobby agus Jim, agus a dheirfiúr Patty.

## AN RÍ SÉAMAS I, SASANA

Seán Ó Mathúna

Ba é Shéamas I an chéad rí den teaghlach Stuart chun coróin Shasana a ghlacadh. (Ba é Stewart litriú an ainm ó 1371 go 1542). Máire, Banríon na nAlbanach (*Mary, Queen of Scots*), ab ea a mháthair agus ba í Eilís (Tudar) I a mháthair bhaistí (*godmother*). Bhí a mháthair ina banríon ar Albain ó 1542 go dtí 1567 ach bhí uirthi an choróin a thabhairt suas (*abdicate*) de bharr fhuath na dtiarnaí Albanacha roimpi mar chaitliceach. Ghair siad (*acclaimed*) Rí na hAlban de mar Séamas VI, cé nach raibh sé ach aon bhliain d'aois. Chuir Eilís I a mháthair chun báis i 1586. Nuair a d'éag Eilís i 1603 gan sliocht uirthi (*without issue*) ba é Séamas an chéad duine eile (*next in line*) chun dul i gcoróin Shasana mar Rí Séamas I. Bhí sé ina rí ar Shasana agus ina rí ag an am céanna ar Éirinn agus ar Albain go dtí 1625. Fíor - Phreispitéireach ab ea Séamas ach rinne sé síocháin leis an Spáinn. Tar éis Chomhcheilg an Phúdair Ghunna (*Gunpowder Plot*) faoi Guy Fawkes i 1608 d'éirigh sé ní ba mhó in aghaidh an Chaitliceachais.



Ba é Shéamas an chéad fhealsamh polaitiúil a bhí ina rí ar Shasana agus scríobh sé dhá leabhar cháiliúil ar an gcóras polaitiúil ([1] *The True Law of Free Monarchies* - a mhol go raibh an Rí freagrach do Dhia amháin - ceart diaga ríthe (*divine right of kings*) agus [2] *Basilikon Doron* (*Bronntanas Ríoga*), comhairle dá mhac ba shine, Anraí agus tar éis a bháis dá mhac Séarlas I conas é féin a iompar mar Dhuine Ungtha do Dhia). Cheap Séamas go raibh sé féin ungha agus freagrach do Dhia amháin agus chuir sé an Pharlaimint ar ceal rud nár thaitin go mór leis na poblachtaigh (mar shampla Oilibhéar Cromwell).

In Albain in aimsir Shéamais tháinig an téarma “Erse” chun cinn ar an teanga Gàidhlig chun a chur in iúl gur theanga iasachta í. Chuir Reachtanna Í (*The Statutes of Iona*) (1609) iallach ar thaoisigh na nArdchríoch (*Highlands*) a mic a sheoladh go scoileanna Béarla. Chuir na Reachtanna seo tús le cúlú chultúr agus theanga na nGael. Idir 1598 agus 1607 rinneadh trí iarracht coilíneacht Phrotastúnach (ó Fíobha/Fife) a bhunú ar Leódhas (Isle of Lewis). Ba é an rud ba mheasa a rinne Séamas ó thaobh na hÉireann de ná Plandáil Uladh.



Creideann staraithe éagsúla gur dhuine aerach é Séamas agus go raibh beirt bhuachaillí grá aige, Robert Carr (Iarla Somerset), agus George Villiers. Rinne Séamas fir uaisle an tseomra leapa den bheirt (*Gentlemen of the Bedchamber*). Tugadh an teideal Diúc Buckingham do George Villiers agus rinneadh Ridire an Ghairtéir (*Knight of the Garter, KG*) de freisin.




Ba dhuine lofa é freisin Séamas agus chaith sé a lán airgid ar a shainchaitimh aimsire (*hobbies*) féin – mar shampla cheannaíodh sé péire nua lámhainní dó féin gach lá cé nár cheadaigh sé dá bhean chéile aon ghléas nua a cheannach. Bhain sé mórán suilt freisin as bheith cruálach d'ainmhithe. Bhí spéis aige san asarlaíocht (*witchcraft*) freisin.

Is é an rud is dearfa a rinne sé ná Bíobla Rí Shéamais a eagrú (*King James Version of the Bible*), píosa aistriúchán den scoth a úsáidtear fós i Leabhar na hUrnaí Coitinne (*Book of Common Prayer*) agus leabhar ag a raibh tionchar mór ar fhorbairt an Bhéarla.

## GAEILGE AR SKYPE

David Menees

Ar mhaith leat comhrá beo a dhéanamh as Gaeilge ach gan rang ná ciorcal cainte a bheith ar fáil i do réigiún féin? Bain triall as na noda seo chun comhghleacaithe Gaeilge a aimsiú le haghaidh chomhrá trí mheán fisghlaoigh.



Le teacht ar Ghaeilgeoirí eile ar an Idirlíon a bheadh sásta labhairt leat, is féidir leat clárú ar Straoisleabhar (mar a thugtar as Gaeilge ar *Facebook* scaití) le daoine a chuardach sna grúpaí Gaeilge ansin, ar ndóigh. B'fhiú duit cuardach a dhéanamh in áiteanna eile, chomh maith: *AbairLabhairDéanComhrá (SpeakTalkChat)* ar an Idirlíon, liostaí r-phoist ar nós Gaeilge-B, agus fóraim Idirlín Gaeilge eile atá dírithe ar Ghaeilgeoirí ar fud an domhain. B'fhiú r-phost a sheoladh chuig craobhacha áitiúla eagraíochtaí ar nós *Cumann Carad na Gaeilge* nó *Daltaí na Gaeilge*, lena chois sin, le féachaint an bhfuil eolas acu faoi Ghaeilgeoirí a bheadh sásta comhrá a dhéanamh leat trí mheán fisghlaoigh.

Agus duine nó beirt aimsithe agat, molaim daoibh na ceistanna seo a leanas a chur ar a chéile: cén leibhéal nó caighdeán Gaeilge atá agaibh i gcomparáid lena chéile? An bhfuil sibh sásta coinne (*appointment*) dhearfa (*definite*) a choinneáil go tráthrialta? Cé chomh fada agus cé chomh minic is a bhuailfidh sibh le chéile? Is cuma cé hiad na freagraí ar leith a thagann ar ais chugaibh, déan an iarracht amchlár (*timetable*) éigin a chruthú agus a leanúint. Mura bhfuil comhghleacaí sásta coinne dhearfa a choinneáil, is dócha nach bhfuil sé chomh dáiríre faoin tionscadal chun go mbainfidh sé leas teanga as na comhráite.

Anois tá gach rud i gceart agaibh! Nuair a bhuaileann sibh le chéile i dtús, is dócha go dtosóidh sibh leis na ceistanna bunúsacha, ag fiafraí faoin saol, na rudaí a dhéanann sibh ó lá go lá, agus araile. Ach is annamh (*seldom*) a chabhraíonn ceistanna chomh simplí seo leat comhrá a choimeád ar siúl tamall fada. Tá buntáiste (*benefit*) ag baint le liosta d'ábhair chainte éagsúla a chur le chéile roimh ré (*beforehand*), na rudaí ina gcuireann sibh spéis - spórt, ceol, ealaíon, stair agus mar sin. Cabhróidh seo go mór libh mura leanann na hábhair chainte i ndiaidh a chéile chomh nádúrtha agus a cheapfaidh sibh. Má bhaineann sibh feidhm as an liosta beidh meascán maith ábhar agaibh agus is beag seans go n-éireoidh na comhráite leadránach daoibh.

Má tá ciorcal cainte nó comhghleacaí Gaeilge agat i do cheantar féin, is mór an spreagadh é. Ach mura bhfuil, is féidir teacht ar chomhghleacaí fisghlaoigh le píosa beag foighne. Go n-éirí libh!

## SUÍOMH IDIRLÍN NA MC /ATÓT

Seán Ó Fearghail

An raibh fhios agat go bhfuil níos mó ná daichead Maidin Chaife ar siúl timpeall na cathrach faoi láthair? Tá an liosta iomlán agus an t-eolas fúthu go léir ar fáil ag an suíomh idirlín seo - [www.maidineacha-caife.weebly.com](http://www.maidineacha-caife.weebly.com).

Is féidir gach eagrán na hirise seo, *An Taobh ó Thuaidh*, a léamh ar an suíomh céanna, nó a íoslódáil ar do ríomhaire féin, agus é a phriontáil más mian leat (mar A4, fiú!). Tá leathanach Facebook den ainm céanna ann, chomh maith.






## CEOLTA TÍ BHUICHID - I

Derick Moicléir



Fadó in Éirinn bhí Cathaoir Mór mac Fheidhlimidh ina rí ar Chúige Laighean. Bhí beirt mhac ar thríocha aige - agus iníon amháin! Eithne ab ainm don iníon san. Bhí sé de nós ag muintir na hÉireann an uair úd go gcaitheadh duine óg tamall de bhlianta i dteach eile seachas teach a mhuintire féin, ar altrom. Cuireadh Eithne ar altrom go Buichead agus a bhean. Brughaí ab ea Buichead; bhí a theach ina bhrú agus bhí air béilí, deochanna agus lóistin oíche a chur ar fáil do gach éinne a d'iarradh iad. Bhí saibhreas mór ag Buichead; ní airgead a bhí aige, áfach, mar ní raibh airgead in Éirinn an uair sin, ach an-chuid capall is bó is muc chun na cuairteoirí a chothú is chun féiríní a thabhairt dóibh. Is mór a thaithin Buichead, a bhean agus a theach le hEithne. Bhíodar go deas cineálta léi agus bhí sí go sona sásta.



Ach tar éis tamall de bhlianta tháinig trioblóid ar theach Bhuichid. Thosaigh deartháireacha Eithne ag teacht go rómhinic ag tabhairt cuairte ar a ndeirfiúir - beirt ar thríocha acu! D'itheadh siad béilí móra sa bhrú agus bheireadh siad féiríní abhaile leo. Ar dtús tháingadar gach mí ach níorbh fhada go dtáingadar uair sa tseachtain - agus thugadar a gcairde leo chomh maith.

"*Fleá mór dúinn anseo, a Bhuichid!*" a bhéicidís ar a slí isteach.

"*Slán go fóill, agus béarfaimíd cúpla capall linn mar bhronntaisí uait-se!*" is é a deiridís ag imeacht dóibh.

Níorbh' fhéidir le Buichead diúltú dóibh, mar ba dhualgas bhrughaí é a bheith flaithiúil le gach éinne. Chuir drochbhéasa a deartháireacha an-bhrón ar Eithne, mar bhí grá aici dá hoidí, Buichead agus a bhean. Chonaic sí go raibh a gcuid saibhris á bhaint uathu, ach ní raibh leigheas ar bith aici ar an scéal. Tar éis bliana nó mar sin ní raibh fágtha ag Buichead ach seacht mbó agus tarbh - cé go raibh suas le míle bó aige ar dtús!



Ansin chuaigh Buichead ag déanamh gearáin le Cathaoir Mór, athair Eithne.

"*A Chathaoir!*" ar sé "*Tá mo bhrú millte agus mo shaibhreas scaipthe ag do mhic! Cuir tusa iachall orthu mo chapail agus mo bha agus mo mhuca a thabhairt ar ais dom. Mura ndéanfaidh tú sin beidh orm mo bhrú i nDún Bhuichead a dhúnadh agus bailiú liom as an áit. Ba mhór an chailliúint do mhuintir Chúige Laighean é sin. Ní leor seacht mbó agus tarbh chun brú a choimead ar oscailt!*"

"*Ba thrua liom dá gcaithfeá imeacht*" adúirt Cathaoir Mór "*mar is brughaí fial flaithiúil i gcónaí thú. Ach an rud a iarann tú orm, ní feidir liom é a dhéanamh. Tá mé ró-aosta agus rólag anois chun smacht a chur ar mo mhic*".

Agus is mar sin a fágadh Buichead gan an dara rogha ach a dhún féin a thréigint. D'imigh sé leis san oíche lena bhean agus le hEithne, agus thugadar leo na seacht mbó agus an tarbh. D'fhágadar Cúige Laighean agus chuadar go Ceannanus na Rí i gCúige Mí. San áit sin thóg Buichead bothán beag ins na coillte. Bhí sé féin agus a bhean ina gcónaí ann agus Eithne ag freastal orthu agus ag cabhrú leo díreach mar a bheadh sí ina hiníon acu féin.

(cuid II sa chéad eagrán eile)







# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-26

TRASNA

SÍOS



1	glossary (6)	2	blazing (7)
5	trouser (6)	3	minister (4)
9	axe (3)	4	splash (6)
11	freedom (7)	5	corporation (6)
12	wealth (7)	6	pay (3)
13	agility(4)	7	measure (7)
14	badness (5)	8	armful (6)
16	wrap (4)	10	innkeeper (6)
18	herb (3)	15	fly (7)
20	nephews (6)	17	beauty (5)
22	weather (6)	19	let me (5)
24	vision (7)	21	axis (3)
25	my (2)	22	spell of fine weather (3)
27	palm (6)	23	yew (3)
28	rebuke (6)	25	tuesday (5)
31	litter (2)	26	oil (3)
32	bare (3)	29	into (7)
34	closed (4)	30	house (5)
36	whisper (5)	32	leper (6)
37	arch (4)	33	contemplation (6)
40	wake (7)	35	dry(5)
41	academy (7)	38	stick (4)
42	one (3)	39	quatrain (4)
43	harvests (7)		
44	animal (6)		



## CUARDACH FOCAL 25

glasraí 2 / vegetables 2

M	A	R	Ó	G	P	F	E	R	A	L	O	I	B	N
L	E	B	I	L	I	R	P	A	E	A	E	G	S	Í
E	L	A	I	N	I	C	R	I	G	E	N	Ó	P	R
L	I	O	R	L	I	O	N	A	N	Í	C	R	I	G
I	T	S	I	O	N	A	M	Ú	C	Ú	Á	A	D	S
T	N	O	P	N	G	A	L	O	I	B	I	E	A	P
N	S	L	R	T	N	Ó	G	R	A	L	O	M	R	E
I	O	Í	Á	L	I	I	S	D	I	Ó	L	A	E	S
L	I	P	T	N	M	É	Ú	T	S	A	T	A	R	P
L	L	I	A	I	A	I	L	N	É	Í	R	U	C	R
O	R	O	R	D	E	E	O	N	N	N	D	N	A	S
I	R	B	P	R	I	L	I	R	I	B	O	I	P	É
B	I	A	T	A	S	F	B	I	O	L	Á	R	A	A
M	A	R	Ó	G	D	Ó	L	A	E	S	P	B	A	R



biatas (beetroot)	mearóg (marrow)
biolar (watercress)	oinniún (onion)
cúirséad (courgette)	piobar (pepper)
finéal (fennel)	práta (potato)
gircín (gherkin)	raidís (radish)
ionam (yam)	scalliún (scallion)
leitís (lettuce)	sealóid (shallot)
lintile (lentil)	soilire (celery)



**POP-UP GAELTACHT**

*Seán Ó Fearghail*

Bhí fhios agam go raibh mé san áit cheart. Bhí sí thar maoil le daoine, agus cuid acu amuigh ar an bpábháil (**pavement**) fiú. Bhí orm brú thar na daoine sin, go dea-mhúinte ar ndóigh, chun dul isteach ann. Agus ansin, istigh sa tábhairne, bhí mé den bharúil nárbh fhiú iarracht a dhéanamh dul suas don bheár agus deoch a fháil. Nuair a d’fhéach mé timpeall orm mhothaigh mé go raibh mé píosa beag as áit, ba ar éigean go raibh aon duine acu thar tríocha bliain d’aois, chuile duine gléasta go maith sna faisin is déanaí – agus ní féidir liom aon rud a rá faoi na mná! Níl fhios agam céard a cheap siad faoin seandúine liath seo a bhí ag iarraidh sleamhnú eatarthu ar mo bhealach le pionta a cheannach. Ach chuir gach duine fáilte mór romham.

Chinn mé deoch amháin a fháil, cúpla focal a rá le haon duine a raibh aithne agam air, mo leithscéal a ghabháil agus imeacht go luath. Dar ndóigh, nuair a thosaigh mé ag caint le cúpla duine bhí an dara pionta agam agus ansin an tríú ceann. Rinne mé tuairimíocht (**I guessed**) go raibh trí chéad duine ann, ach bhí meastachán (**estimate**) ní ba bhreithnithe (**more considered**) ag duine eile nach raibh ach dhá chéad caoga ann. In amanna bhíodh faoiseamh éigin againn nuair a d’imíodh scataí beaga as an tábhairne, ach go gairid ina dhiaidh thiocthadh daoine nua isteach chun a n-áit a líonadh.

Agus an rud b’iontaí faoin oíche sin – bhí gach uile dhuine acu ag labhairt na Gaeilge.

B’in í an eachtra (**unexpected experience**) a bhí agam ag an PopUp Gaeltacht, Déardaoin 26 Eanáir i dtábhairne **P. Mac’s** ar Shráid Stiabhna Íochtarach – teach tábhairne lán don doras le daoine óga agus an Ghaeilge á labhairt ag gach duine acu. Léirigh sé go bhfuil éileamh mór ar imeachtaí agus ar ócáidí trí Ghaeilge sa chathair seo – ach iad a chur ar fáil.



Beidh an chéad PhopUp Gaeltacht eile ar siúl sa **Market Bar**, Sráid Mhic Pháid – **Fade Street** an 23 Feabhra, ó 8:00pm ar aghaidh. Is fiú go mór dul ann. Déantar an phoiblíocht go léir trí **Facebook** – bí ag faire ar leathanach an ghrúpa **Gaeilge Amháin**.

**CROSFHOCAL BG XBG-24: RÉITEACH**

	1A	2E	3R	4Á	5I	6D		7D	8Í	9B	10I	11R	12T	
8S		A	I		9R	U	A		R		A		10B	
11M	A	C	A	L	L	A		12M	U	I	N	T	I	R
	A		H		T		O		H		S		H	A
13C	A	T	H		14A	I	15L	S	E		16R	Ú	I	D
	H		R		17B		18B	I	A		19C		I	Á
20T	É	A	G	A	21R		A		22C	A	I	L	23Í	N
				24C	E	O	M	H	A	R			C	
25S	26Ú		27L	A	O		H		28M	Ó	I	29L	30Í	N
31Á	L			32Í		33B	Á	34D		G		E		Ó
34S	L	35A	T		36C	O	S	Á	N		37F	A	I	C
	T		B		38F		D		I		39B		B	H
40A	D	H	R	A	D	H		41L	A	O	C	H	R	A
		A	D		42A	O	I		T		A			
43F	O	C	L	Ó	I	R		44A	D	H	A	R	C	

**CUARDACH FOCAL 24: RÉITEACH**

N	F	R	C	T	H	C	A	E	N	Í	L	Í	S	N
Í	N	Í	S	L	Í	S	T	Í	L	Ó	N	G	Ó	R
S	Í	S	L	N	E	O	R	M	I	E	N	Ó	G	I
T	L	Í	R	A	O	I	O	M	A	N	G	E	O	A
G	I	S	T	I	É	P	M	C	I	N	C	H	E	I
I	S	A	Á	S	R	E	H	I	A	L	G	I	S	B
O	F	R	N	I	S	T	I	L	N	I	A	O	T	R
E	R	I	S	Á	A	I	B	R	E	T	N	Í	L	E
S	Á	S	É	I	R	F	O	G	H	C	Í	C	I	O
T	G	A	R	E	O	G	H	C	Á	N	S	N	H	G
I	Ó	Í	L	Í	O	M	A	N	G	O	Í	N	S	E
E	N	I	L	I	S	E	O	M	A	I	R	N	E	L
P	Ó	G	N	A	N	F	R	A	O	C	H	Á	N	I
G	M	A	G	O	E	S	T	I	É	P	É	I	T	S

**SEANFHOCAL**

Is fearr beagán cabhrach ná mórán trua  
*A little help is better than a lot of sympathy*

## MUHAMMAD ALI

Pádraig Mac Éil

Rugadh Cassius Óg Marcellus Clay 17 Eanáir 1942 i Louisville Kentucky, Stáit Aontaithe



Meiriceá. Bhí deirfiúr amháin agus ceathrar deartháireacha aige. Tháinig a sinsear ón Afraic ina sclábhaithe ach bhí oidhreacht Éireannach agus Shasanach acu freisin. Thosaigh sé ag dornálaíocht (**boxing**) in aois a 12 bhliain. Bhuaigh sé a chéad troid i 1954 agus, ina dhiaidh sin, sé Craobh Kentucky Miotóga Órga (**Golden Gloves**), dhá chraobh náisiúnta Miotóga Órga, Craobh Náisiúnta den Aontas Lúthchleas Amaitéarach agus an Bonn Ór Trom-mhéachan éadrom sna Cluichí Oilimpeacha sa Róimh i 1960. Bhuaigh sé 100 de na 105 throid amaitéarach a bhí aige.

Bhí an chéad troid ghairmiúil ag Clay i 1960 agus faoi dheireadh 1963 bhí 19 dtroid buaite aige, le Leagain Amach (LA, **knock-outs**) i 15 acu.

Bhuaigh sé ar Sonny Liston tar éis sé bhabhta (**rounds**) i 1964 (agus corrlach (**odds**) 7-1 ina aghaidh) chun craobh Chomhairle Dornálaíochta an Domhain (**WBC**) agus craobh Chumann Dornálaíochta an Domhain (**WBA**) a fháil.

Tógadh Ali mar Bhaisteach (**Baptist**) ach i 1964 d'iompaigh sé (**converted**) ina Mhoslamach, mar bhall de Náisiún Ioslam (**Nation of Islam**) lena idé-eolaíocht scarúnaíoch (**separatist ideology**). Thug sé “ainm sclábhaí” ar a ainm baiste agus d'athraigh sé é go Muhammad Ali. Coinscríobhadh Ali i 1966 ach dhiúltaigh sé dul in arm SAM agus troid i Vítneam. Ciontaíodh é mar éalaitheoir ó choinscríobh (**draft evader**) agus tógadh a chraobhacha dornálaíochta uaidh. Níor ligeadh dó troid arís go dtí 1970. Chuir Ard-Chúirt SAM ciontú Ali ar ceal i 1971. Chloí sé leis an Ioslamachas Sunni i 1975 agus thug sé tacaíocht d'imeascadh ciníocha (**racial integration**). D'oibrigh sé ar son a chreidimh agus le carthanais (**charities**) nuair a chuaigh sé ar scor i 1981. Urlabhraí cumasach ar son chearta daonna na hAfraic-Mheiriceánach ab ea Ali agus laoch agus eiseamláir (**exemplar**) chultúir dóibh.

Is é Ali an t-aon dornálaí trom-mhéachan (**heavyweight**) a bhí ina churadh líneach trí huairé as a chéile (**three-time lineal champion**). Bhuaigh sé an chraobh i 1964, i 1974 agus i 1978. Ainmníodh san iris “*The Ring*” é mar “*Dornálaí na Bliana*” cúig huairé. Luaitear cuid dá throidéanna dornálaíochta mar chinn stairiúla, mar shampla, a chéad troid le Sonny Liston, na trí throid i gcoinne Joe Frazier (“Troid an Chéid/*Fight of the Century*”), Sárthroid II/*Superfight II*, An Scéinséir i Mainile/*The Thrilla in Manila*”) agus “An Bhruíon sa Dufair/*The Rumble in the Jungle*” i gcoinne George Foreman. Bhí 61 throid ghairmiúil ag Ali agus an bua aige i 56 acu (le LA i 37 acu).

Lean Ali ag troid rófhada. Chuir a thraenálaí Angelo Dundee stad lena throid le Larry Holmes i mbabhta 11, an chéad uair a chaill sé mar sin. Aimsíodh go raibh Siondróm Parkinson air i 1984. Dúirt na dochtúirí gur tháinig an galar ó dhíobháil a bhí déanta dá inchinn (**brain**) i rith a shaoil mar dhornálaí. Fuair Ali bás i Scottsdale, Arizona, 3 Meitheamh 2016 in aois 74.



Tugadh “Beola Louisville/*Louisville Lip*” ar Ali de bharr a chainte dheisbhéalaí (**witty**) agus an magadh a rinne sé dá chéilí comhraic (**opponents**), trí ghnáthchaint agus trí véarsaíocht. Scríobh daoine eile na focail dó uaireanta. Rinne Ali é seo d'aon ghnó (**on purpose**) chun poiblíocht a fháil dó féin. D'fhoghlaim sé seo ó iomrascálaí (**wrestler**), “*Gorgeous George*” Wagner (1915-1963), an chéad frithlaoch (**anti-hero**) spóirt lena ghruaig chatach (**curled**) tuartha (**bleached**), a fhallaingí (**cloaks**) síoda, agus an nós a bhí aige an cró dornálaíochta a chumhrú (**perfume**) roimh throid agus a chéilí comhraic a dhíspeagadh (**belittle**)!